



An Bhruiséil, 26 Aibreán 2021
(OR. en)

8148/21

**Comhad Idirinstiúideach:
2018/0231(COD)**

COMPET 283
MI 279
IND 99
CONSOM 98
JUSTCIV 70
AGRI 189
AGRIFIN 48
VETER 29
AGRILEG 81

SAN 239
DENLEG 25
PHYTOSAN 12
SEMENCES 19
STATIS 19
ECOFIN 382
CADREFIN 195
CODEC 579

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Aibreán 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 218 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le seasamh ón gComhairle i leith Rialachán a ghlacadh lena mbunaítear 'Clár an Mhargaidh Aonair' don mhargadh inmheánach, d'iomáiochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, and bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 218 final.

Faoi iamh: COM(2021) 218 final



An Bhruiséil, 23.4.2021
COM(2021) 218 final

2018/0231 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis

seasmh ón gComhairle i leith Rialachán a ghlacadh lena mbunaítear 'Clár an Mhargaidh Aonair' don mhargadh inmheánach, d'iomáiochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis

seasamh ón gComhairle i leith Rialachán a ghlacadh lena mbunaítear 'Clár an Mhargaidh Aonair' don mhargadh inmheánach, d'iomáiochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach

1. CÚLRA

An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 7 Meitheamh 2018
(doiciméad COM(2018) 441 final – 2018/0231 COD):

Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: an
17 Deireadh Fómhair 2018

Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: an 12 Feabhra 2019

An dáta a tíolacadh an togra leasaithe: Ní bhaineann le hábhar

An dáta a ghlacadh an seasamh ón gComhairle: an 13 Aibreán 2021

2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Ó bunaíodh an margadh inmheánach, tá curtha go mór leis an bhfás, leis an iomaíochas agus leis an bhfostaíocht dá bharr, is cúnaimh atá ann i gcruthú na bpost, agus an rogha táirgí atá ar fáil do thomhaltóirí, is fearr agus is saoire an rogha sin a bhuí leis. Tógáil geilleagair atá níos láidre, níos cothroime agus níos córa, cé go bhfuil sin á thiomáint ag an margadh inmheánach i gcónaí, is margadh é atá le síorchur in oiriúint do thimpeallacht a bhíonn ag athrú go tapa, timpeallacht arb iad an réabhlóid dhigiteach agus an domhandú is saintréithe di. Tá dúshlán suntasach ó thaobh rialála agus forfheidhmithe de ag baint leis sin.

Le Clár an Mhargaidh Aonair tugtar gníomhaíochtaí le chéile a mhaoinítí faoi shé chlár ba réamhtheachtaithe sna réimsí seo a leanas – iomaíochas na bhfiontar, cosaint na dtomhaltóirí agus na n-úsáideoirí deiridh i seirbhísí airgeadais, caighdeán tuairiscithe agus iniúchóireachta airgeadais, an slabhra bia agus an staidreamh Eorpach. Cuimsítear freisin i gClár an Mhargaidh Aonair gníomhaíochtaí a chistítí go díreach cheana faoin margadh inmheánach agus línte buiséid gaolmhara eile, nithe ar nós an chaighdeánaithe Eorpaigh, an fhaireachais margaidh, agus forbairt agus cur chun feidhme mhargadh inmheánach na seirbhísí airgeadais, agus cuimsítear ann chomh maith gníomhaíochtaí nua lena bhféachtar le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, gníomhaíochtaí i réimse forfheidhmithe rialacha iomaíochta an Aontais, mar shampla.

Tá na gníomhaíochtaí sin ar fad snaidhmthe ina chéile toisc na gcuspóirí atá i bpáirt acu le chéile, is é sin gníomhaíochtaí agus gníomhaithe éagsúla laistigh den mhargadh inmheánach a rialáil, a chur i bhfeidhm, a éascú, a fhorfheidhmiú agus a chosaint; agus margadh inmheánach a chaomhnú a leanfaidh ag feidhmiú gan bhriseadh. Is gníomhaíochtaí iad sin ar fad atá fíor-riachtanach ionas gur maith a fheidhmeoidh an margadh inmheánach agus is gá go leanfar dá gcuid tacaíochta airgeadais. Tá foráil sa Chlár atá beartaithe maidir le leanúnachas na ngníomhaíochtaí éagsúla a bhí ar bun roimhe seo, agus déantar sineirgí idir iad sin agus na gníomhaíochtaí nua a chuíchóiriú agus a shaothrú ag an am céanna.

Maidir leis an staidreamh Eorpach, le Clár an Mhargaidh Aonair bunaítear an creat airgeadais le staidreamh Eorpach ardchaighdeáin inchomparáide iontaofa a sholáthar ar mhaithe le bonn a chur faoi dhearadh bheartais an Aontais ar fad agus faoi fhaireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus ar an gcaoi sin glacann an clár céanna áit an Chláir Staidrimh Eorpaigh ba réamhtheachtaí dó. Is fíor gur cúnaimh atá sa staidreamh Eorpach maidir le beartais margaidh inmheánach a chur i gcrích, ach ní mór béim a leagan air gur leithne i bhfad ná an margadh inmheánach an scóip atá ag an staidreamh sin, ós rud é go bhfreastalaíonn sé ar bheartais an Aontais ar fad.

3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

An seasamh a ghlac an Chomhairle ar an gcéad léamh, léiríonn sé go soiléir an comhaontú sealadach ar thángthas air ag an gcruinniú tríthaobhach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, cruinniú a tugadh i gcrích an 8 Nollaig 2020. Ar phríomhphointí an chomhaontaithe sin tá an méid seo a leanas:

- **Fad an Chláir:** Is le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027 a bhunaítear an Clár, agus tá fad an Chláir ailínithe le fad an CAI.
- **Cúnaimh teicniúil agus cúnaimh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme:** Maidir le costais iomlána na tacaíochta riaracháin agus na tacaíochta teicniúla, chomhaontaigh na comhrechtóirí nach sáróidh na costais sin 5 % de luach an imchlúdaigh airgeadais fhoriomláin a bheidh ar fáil le haghaidh chur chun feidhme an Chláir.
- **Tairbhíthe ainmnithe a dhéanann ionadaíocht ar leas na dtomhaltóirí ar leibhéal an Aontais:** Gníomhartha tarmligthe i ndáil leis an ionadaíocht do leas na dtomhaltóirí ar leibhéal an Aontais, comhaontaíodh go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún a leithéid de ghníomhartha a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar liosta na n-eintiteas ar féidir deontas a dhámhachtain dóibh faoin gClár gan glao ar thograí a bheith ann.
- **Saotharlanna tagartha náisiúnta a bheith ina dtairbhíthe ainmnithe, agus iad a chreidiúnú:** Gan dochar don oibleagáid atá ar na Ballstáit acmhainní airgeadais leordhóthanacha a sholáthar le haghaidh na saotharlann tagartha náisiúnta sláinte plandaí agus na saotharlann tagartha náisiúnta sláinte ainmhithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625, thángthas ar chomhaontú maidir leis an deis a bheith ag na saotharlanna sin a bheith ina dtairbhíthe ainmnithe agus tairbhiú sa cháil sin dóibh de dheontais a bhronntar faoin gClár, rud a bheidh i gceist sa chás gur breisluach don Aontas a bheidh i ngníomhaíochtaí na saotharlann sin agus go mbeidh cistiú leordhóthanach ar fáil faoin gClár.
- **Rialacha cómhaoinithe i réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha:** Tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú maidir le ráta seasta cómhaoinithe 50 %, ráta a d'fhéadfaí a ardú go heisceachtúil chuig 75 %

agus 100 % faoi choinníollacha áirithe, agus maidir le foráil go nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun ráta cómhaoinithe níos ísle a shocrú nuair is gá sin de bharr easpa airgid, cur chun feidhme neamhleor cláir thréidliachta agus fiteashláintíochta nó beart éigeandála, nó céimniú amach an chómhaoinithe do ghníomhaíochtaí i gcoinne galar ainmhithe nó lotnaidí plandaí.

- **Gníomhartha tarmligthe, gníomhartha cur chun feidhme agus coistí:** Chomhaontaigh na comhreachtóirí go nglacfar cláir oibre trí ghníomhartha cur chun feidhme arb é is cuspóir leo feidhm a thabhairt do na rialacha a leagadh síos cheana sa bhunghníomh, agus chomhaontaigh siad gur i gcomhréir leis an reachtaíocht earnála ghaolmhar a ghlacfar na cláir sin i gcás inarb infheidhme. Maidir le gníomhartha tarmligthe, an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tabharfar sin don Choimisiún go ceann tréimhse 7 mbliana, agus cuirfear síneadh léi go hintuighthe go ceann tréimhsí comhfheidh mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínithe sin.
- **Cúlghabhálacht:** Comhaontaíodh go dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus go mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sealadach ar thángthas air ag an gcrúinniú tríthaobhach, comhaontú lena réitítear an bealach chun an clár nua a ghlacadh go pras. Cabhróidh an clár le rialachas an mhargaidh inmheánaigh a neartú, agus fágfaidh sé go mbeidh saoránaigh, gnólachtaí, tomhaltóirí agus údaráis phoiblí in acmhainn lán-tairbhe a bhaint as comhtháthú an mhargaidh.

4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle, seasamh a léiríonn go soiléir an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air an 8 Nollaig 2020.